Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2009

Bus Éireann

# AG TIOMÁINT NA HÉIFEACHTÚLACHTA




PRN.A10/0298

# AN CLÁR


3 **Athbhreithniú Oibríochtaí**

15 **Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile**

16 **Tuarascáil na Stiúrthóirí**

19 **Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí**

20 **Tuarascáil na nIniúchóirí**

22 **Príomhpholasaithe Cuntasaíochta**

23 **Cuntas Brabúis agus Caillteanais**

24 **Clár Comhardaithe**

25 **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

26 **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**


Ba mhaith le Bus Éireann aitheantas a thabhairt do mhaoiniú ar mhórthionscadail ó Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 mar aon le cómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

**Dearadh:** firstimpression

transport21
progress in motion

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013
Athrú Mór ar Éirinn



Bus Éireann

# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ

## Athbhreithniú Airgeadais

Thabhaigh an chuideachta caillteanas €4.7 milliún sa bhliain 2009 i gcomparáid le caillteanas €6.1 milliún roimh míreanna eisceachtúla sa bhliain 2008. B'ionann €11.2 milliún an caillteanas i ndiaidh míreanna eisceachtúla don bhliain 2009.


Bhí roinnt dúshlán os comhair Bus Éireann i rith na bliana 2009. Tá éifeacht an-dian tar éis a bheith ag tosca cosúil leis an gcor chun donais eacnamaíoch, an laghdú ar mhiondíolacháin agus líon méadaitheach na gcaillteanas post agus laghdú ar líon na dturasóirí ar líon na bpaisinéirí. Bhí tionchar chomh maith ag iomaíochas ó mhodhanna iompair eile ar líon na bpaisinéirí. Bhí tionchar ag oibriú seirbhísí ceadúnaithe agus neamh-cheadúnaithe thar na gnéithe is fearr den ghréasán agus díreach roimh amanna imeachta bunaithe Bhus Éireann ar bhonn ioncaim an Chuideachta. Thaifead táirgí lárnacha na bpaisinéirí bóthair laghdú thart ar 12.3% i líon na bpaisinéirí i gcomparáid le leibhéil na bliana 2008.

Chuir caillteanas an lacáiste dleachta máil maidir le breosla a úsáidtear ar oibríochtaí iompair de bhóthar €10 m le bonn costais na cuideachta sa bhliain 2009. Méadóidh an cháin charbóin a fógraíodh sa bhuiséad i mí na Nollag 2009 na costais bhreosla a thuilleadh in 2010.

Tá cláir choigilteas costais curtha i bhfeidhm go rathúil ag an gcuideachta le roinnt blianta anuas agus formhéadaíodh na cláir sin in 2009 de bharr na timpeallachta geilleagraí reatha. Bhain an chuideachta amach laghduithe costais suntasacha i rith na bliana le laghduithe 4% ar an iomlán á mbaint amach i gcaiteachas lárnach an phaisinéara bóthair. Táthar ag leanúint leis an gclár seo sa bhliain 2010 agus tá sé beartaithe ag an gcuideachta an bonn costais a laghdú ar aon dul leis na leibhéil éilimh reatha.

B'ionann €302.7 milliún an t-ioncam iomlán a tuilleadh in 2009 i gcomparáid le €299.7m sa bhliain 2008.

Tá an fheidhmíocht ioncaim le roinnt blianta anuas leagtha amach sa tábla thíos:




## Cost-éifeachtúlacht

Tá cláir choigilteas costais curtha i bhfeidhm go rathúil ag Bus Éireann le roinnt blianta anuas agus baineadh amach laghduithe costais €6m i réimsí uile an ghnó sa bhliain 2009 gan éifeacht ar bith ar an leibhéal seirbhíse.

## Éifeachtúlachtaí Curtha i bhFeidhm

De réir na tuarascála neamhspleách de chuid Deloitte, arna choimisiúnú ag an Roinn Iompair, is oibritheoir iompair poiblí éifeachtach agus éifeachtúil é Bus Éireann i gcomparáid le caighdeáin Eorpacha atá ag feidhmiú ar fhóirdheontas íseal, i gcomparáid le hoibreoirí comhchosúla eile san Eoraip.

D'fhonn na héifeachtúlachtaí seo a bhaint amach, tá cláir choigilteas costais leanúnacha i bhfeidhm ag Bus Éireann le roinnt blianta anuas agus leagtar amach spriocanna dúshlánacha i ngach buiséad bliantúil. Baineadh amach coigiltis de thart ar 4% sa bhliain 2008 agus 2009 araon, a bhí cothrom le coigiltis de thart ar €6m in 2009 gan éifeacht ar bith acu ar leibhéal na seirbhíse ná ar chaighdeán na seirbhíse á sholáthar.

Bus Éireann

# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

Baineadh amach coigiltis ar chostas sna réimsí uile trí héifeachtúlachtaí ar fud na cuideachta agus trí costais soláthraithe seachtracha a laghdú chomh maith. Baineadh amach éifeachtúlachtaí i réimsí cosúil le costais phárolla, ragobair, neamhláithreacht, éifeachtacht bhreosla, damáiste timpiste d'fheithicil, agus costais chothabhála agus fhruilithe bus.

## Coigiltis Oibríochta

I rith na bliana 2009, chuir an chuideachta tús le bearta éifeachtúlachta breise thar raon leathan réimsí, mar atá molta ag tuarascáil Deloitte. Áiríodh leis sin úsáid meaisíní díola ar an sráid, feithiclí le toilleadh níos airde, agus comhthathú leis an gClár Iompair Tuaithe agus le seirbhísí iompair de chuid Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Rinne an chuideachta coigiltis soláthair suntasacha sna costais soláthraithe seachtracha i rith na bliana chomh maith thar na réimsí uile – cothabháil, ábhair fruilithe bus, costais seirbhíse s.rl. Laghdaíodh costais riaracháin chomh maith. Tháinig laghdú ar na táillí gairmiúla a íocadh le soláthraithe chomh maith. Táthar ag leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú ar na costais uile thuasluaite.

Faoi mar a mhol tuarascáil Deloitte, thug Bus Éireann busanna dhá stór isteach ar phríomhbhealaí comaitéara in oirthear na tíre. Tá an toilleadh in aghaidh na feithicle tar éis méadú faoi suas le 50 faoin gcéad dá bharr sin, agus mar sin tháinig laghdú ar an riachtanas feithiclí breise a úsáid chun freastal ar éileamh ag na buaic-amanna.

Baineadh úsáid as teicneolaíocht chomh maith chun costais a laghdú. Mar shampla, tháinig laghdú ar na huaireanta oscailte agus leibhéil foirne le haghaidh oifigí ticéid de bharr meaisíní díola ticéid á úsáid i mbusárais mórthimpeall na tíre agus i suímh tríú páirtí cosúil le hAerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne.

## Pleanáil Gréasáin

Baineadh amach oibríochtaí níos éifeachtaí agus seirbhísí custaiméara níos éifeachtúla trí athbhreithniú gréasáin leanúnach ar sheirbhísí sceidealaithe. Ar an dul céanna rinneadh atheagrú cuimsitheach ar na seirbhísí iompair scoile, agus laghdaíodh líon na bhfeithiclí á úsáid dá bharr sin, fad is a cuireadh tús le seirbhísí breise. Baineadh é sin amach trí phleanáil gréasáin chun úsáid iomlán a bhaint as na hacmhainní a bhí ann ar an mbealach is éifeachtaí, trí bhealaí a chónascadh, athidirbheartú a dhéanamh ar rátaí conraitheora agus breis úsáide a bhaint as feithiclí níos mó.

## Tionscnaimh Shineirge

Mhol tuarascáil Deloitte gur chóir do Bhus Éireann scrúdú a dhéanamh ar shineirgí féideartha agus deiseanna luacha ar airgid leis an gClár Iompair Tuaithe agus an FSS leis an aidhm raon seirbhísí iompair tuaithe agus áitiúla a sholáthar. D'oibrigh Bus Éireann go dlúth leis an CIT, an FSS, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann agus na Ranna Oideachais agus Eolaíochta agus Iompair ar an tionscadal sin i rith na bliana leis an aidhm seirbhís níos fearr a sholáthar ar bhealach níos éifeachtaí trí phleanáil ghréasáin agus úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní.

Thosaigh treoirthionscadail sa Lú/sa Mhí agus i Sligeach/ Liatroim, ina nasctar seirbhísí CIT agus FSS le seirbhísí eiseacha Bhus Éireann. Tá dul chun cinn déanta ar níos mó ná 20 treoirthionscadal agus déanfar a thuilleadh dul chun cinn i rith na bliana 2010. Tabharfar measúnú agus athbhreithniú ar na treoirthionscadail chun críche faoi lár na bliana 2010.

## Tionscnaimh Ghnóthaithe Costais

Bainfear amach tuilleadh coigiltis sa bhliain 2010 trí phlean gnóthaithe costas na cuideachta a thabhairt isteach faoi mar a mhol an Chúirt Oibreachais i mí na Samhna 2009. Lean sé seo idirbheartaíocht leathan le ceardchumainn i rith na bliana 2009 go hinmheánach agus in éineacht le páirtíocht an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais agus an Chúirt Oibreachais. Bainfidh an plean gnóthaithe costais coigiltis amach trí chleachtais agus dálaí oibre a athrú, líon na bhfostaithe a laghdú trí iomarcaíocht dheonach, agus seirbhísí le tacaíocht custaiméara íseal a chuíchóiriú.

## Tionscnaimh Choigilte Fuinnimh

I gcaitheamh na bliana 2009, chuir an chuideachta tús le treoir-theicnící éicithiomána i gcomhar le Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann. Tá laghdú tagtha ar ídiú breosla agus ar chostais bhreosla dá bharr sin. D'oibrigh an chuideachta le Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann chomh maith chun deontas i gcabhair a chur faoi urrús d'fhonn soilse ionduchtaithe a aisfheistiú i ngaráiste Chnoc an tSamhraidh agus tá laghdú 60% tagtha ar ídiú leictreachais dá bharr sin chomh maith le feabhas tagtha ar na leibhéil soilsithe. Tá na tionscnaimh seo á leathnú sa bhliain 2010.

# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

## Uasmhéadú Ioncaim

Ba thosaíocht é an t-ioncam a uasmhéadú i dtimpeallacht trádála deacair sa bhliain 2009. Cuireadh raon leathan tionscnamh margaíochta rathúla i bhfeidhm in 2009 chun cabhrú le seirbhísí a chur chun cinn, custaiméirí a choinneáil agus bealaí nach raibh ag feidhmiú go maith a fheabhsú. Leanfar leis na tionscnaimh seo sa bhliain 2010.

Áiríodh táillí speisialta do bhealaí áitiúla agus náisiúnta i ngníomhaíocht dá leithéid chun taisteal a chur chun cinn, go háirithe ag príomhamanna taistil cosúil le laethanta saoire na scoile agus um Nollag. Baineadh úsáid as táillí fógraíochta chomh maith ar bhealaí áitiúla sonracha nach raibh ag feidhmiú go maith.

Cuireadh tionscnaimh spreagtha chomhpháirteacha ar bun le raon tríú páirtithe chomh maith, lena n-áirítear Dunnes Stores, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Zú Bhaile Átha Cliath, miondíoltóirí áitiúla agus ionaid siopadóireachta.

Cuireadh tús le feachtas na mac léinn ard-fhócasaithe chomh maith agus cobhsaíodh agus méadaíodh líon na bpaisinéirí mic léinn. Mar chuid den straitéis mhargaíochta, cuireadh clár r-mhargaíochta ar bun chun ceannach ar líne a spreagadh agus caidreamh le spriocphaisinéirí lárnacha a mhéadú. Mar chuid den chlár áiríodh úsáid na meán digiteach cosúil le Twitter agus Facebook, níos mó feachtais r-phoist, agus athchóiriú de shuíomh gréasáin na cuideachta. Tá sé aitheanta go bhfuil Bus Éireann ar cheann de mhionlach na gcuideachtaí Éireannacha a dhíolann tairgí cosúil le táillí fógraíochta le haghaidh taistil seachbhuaice go rathúil trí mheán Twitter.

## Fóirdheontas

Fuair Bus Éireann fóirdheontas de €49.365m ón Stát, mar íocaíocht dá chuid Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (OSP) sa bhliain 2009. B'ionann seo agus méadú de thart ar €7.5m ón mbliain roimhe sin agus fáiltítear go mór roimhe sna imthosca geilleagracha reatha. Rinneadh fritháireamh ar sin áfach, le díothú an lacáiste dleachta breosla i ndiaidh rialaithe an AE, a sholáthair thart ar €10m in aghaidh na bliana don chuideachta.

Faoi mar a thuairiscigh tuarascáil Deloitte, faigheann Bus Éireann leibhéal fóirdheontais íseal i gcomparáid le comhpháirtithe Eorpacha. Sa bhliain 2009, bhí glanchostas €50.4m ar sheirbhísí OSP a sholáthar. Bhí a chuid acmhainní féin á úsáid ag Bus Éireann, ginte ar a sheirbhísí tráchtála, chun tacú le maoiniú neamhleor na seirbhísí sóisialta. Mar thoradh ar an timpeallacht gheilleagrach agus rialála sa bhliain 2009 áfach, nach raibh an cur chuige sin féideartha níos mó.

Tá meabhrán tuisceana ag Bus Éireann agus an Roinn Iompair maidir le leibhéil seirbhíse agus spriocanna don bhliain 2009 lena n-áirítear leibhéal na tacaíochta stáit. Bhain an chuideachta amach na spriocanna feidhmíochta leagtha amach sa mheabhrán úd.

## Mórfhostóir

Is mórfhostóir náisiúnta é Bus Éireann le lucht saothair de 2,820 (lena n-áirítear 534 tiománaí bus scoile páirtaimseartha).



Bus Éireann

# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)


Fostaítear 1,470 soláthraí breise ar conradh chun seirbhísí a sholáthar go príomha don Scéim Iompar Scoile lena n-áirítear thart ar 3320 bus agus tacsaí. Cruthaíonn ár ngníomhaíochtaí gnó fostaíocht do dhaoine chomh maith i roinnt mhaith earnálacha eile a sholáthraíonn seirbhísí agus earraí do Bhus Éireann.

Thug Bus Éireann €40.97m don Státchiste sa bhliain 2009 trí íocaíochtaí IMAT/ÁSPC, íocaíochtaí CBL agus cánacha eile.

## Treochtaí Margaidh

Le roinnt blianta anuas, tá leathnú suntasach déanta ag Bus Éireann ar a líonra seirbhísí ar fud na tíre. Tá laghdú suntasach tagtha ar an éileamh ar iompar poiblí le linn an cor chun donais eacnamaíoch áfach, de bharr laghdaithe ar líon na ndaoine ag obair, ar líon na neamhnáisiúnach Éireannach sa tír, an moilliú suntasach sa mhiondíoltóireacht agus laghdú suntasach ar líon na dturasóirí ag tabhairt cuairte ar Éire. Is gné d'úsáid iompair poiblí í gníomhaíocht gheilleagrach a léiriú. Tá líon custaiméirí Bhus Éireann laghdaithe faoi 12.3% dá bharr sin.

**Turais Iomlán Chustaiméara**




Taifead Cúig Bliana

**Custaiméirí/Ciliméadair**

| | An Bhliain dar críoch 31ú Nollaig | |
|---|---|---|
| | **2009 Mílte** | 2008 Mílte |
| **Turais chustaiméara** | | |
| Seirbhísí cathrach sna cúigí | **18,323** | 21,217 |
| Seirbhísí sceidealaithe eile | **23,929** | 26,948 |
| Scéim iompar scoile | **42,388** | 45,709 |
| | **84,640** | 93,874 |
| **Ciliméadair feithicle** | | |
| Seirbhísí cathrach sna cúigí | **8,784** | 8,841 |
| Seirbhísí eile – féin | **85,341** | 87,007 |
| Seirbhísí eile – ar fhochonradh | **83,372** | 83,652 |
| | **177,497** | 179,500 |

## Sástachta Custaiméara

Tá ardleibhéal sástachta custaiméara ag Bus Éireann i gcónaí. Ar an iomlán taifeadadh sástacht custaiméara de 86 % sa bhliain 2009, fad is a bhain an chuideachta ardrátaí amach maidir le sábháilteacht bus (96 %); agaí scuaine (95 %); cairdiúlacht tiománaithe (88 %) agus foirne na mbusáras (95 %); infhaighteacht faisnéise ag busárais (90 % ); agus poncúlacht (86 %). Dúirt 93 % de na freagróirí go molfaidís Bus Éireann do chara.

B'acmhainn mhóréilimh don phobal taistil i gcónaí é suíomh gréasáin Bhus Éireann – **www.buseireann.ie** – leis an suíomh ag fáil meáin de níos mó ná 240,000 cuairt aonair in aghaidh na míosa sa bhliain 2009, méadú 20 faoin gcéad ar an mbliain 2008 agus chiallaigh sé go raibh suíomh gréasáin Bhus Éireann fós ar cheann de na suímh ghréasáin Éireannacha is mó ar tugadh cuairt air.

# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

Léirigh torthaí ar iniúchadh neamhspleách gur tháinig líon suntasach custaiméirí de chuid Bus Éireann ar fhaisnéis ar líne agus gur bhain siad leas as an bpleanálaí turais le mórán acu ag ceannach ticéid chomh maith. Ceadaíonn an pleanálaí turais do dhaoine atá ag taisteal chuig cinn scríbe éagsúla ar fud na tíre féachaint conas is féidir naisc a dhéanamh ag úsáid líonra comhtháite de chuid Bus Éireann. Ceadaíonn ár líonra comhtháite do chustaiméirí taisteal gan stró idir raon leathan cinn scríbe ar fud na tíre ag baint úsáide as ticéad amháin ar tháillí laghdaithe.

## Feabhsuithe Seirbhíse

Faoi Iompar 21 agus in éineacht le tacaíocht leanúnach an Aire Iompair agus a Roinn, cuireadh roinnt feabhsuithe ar sheirbhísí a bhí ann cheana d'fhonn freastal ar éilimh na gcustaiméirí.

Rinneadh athchóiriú ar roinnt bealaí chun leibhéil seirbhíse a fheabhsú agus seirbhísí a leathnú trí úsáid níos fearr a bhaint as na hacmhainní a bhí ar fáil cosúil le méadú ar sheirbhísí go hAerfort Bhaile Átha Cliath ó Ros Láir, Cill Mhantáin, Béal an Átha agus Sligeach.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh

Chuir Bus Éireann, i gcomhar le Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann, tús le roinnt clár coigilte fuinnimh sa bhliain 2009 lena n-áirítear trialacha éicithiomána d'fhonn ídiú breosla a laghdú, agus córais téimh agus solais tíosach ar fhuinneamh i ngaráistí.

Tá an toilleadh in aghaidh na feithicle méadaithe faoi idir 30 agus 50 faoin gcéad mar gheall ar bhusanna dhá stór maoinithe ag Iompar 21 a bheith á n-úsáid ar príomhbhealaí comaitéireachta i réigiún an Oirthear. Tá costais laghdaithe ag feithiclí le toilleadh níos airde trí líon na bhfeithiclí atá ag teastáil chun freastal ar éileamh custaiméara ag na buaic-amanna a laghdú.

I gCorcaigh, ceadaíodh an toilleadh ar na bealaí sin a mhéadú de bharr 25 bus nua a leithdháileadh faoi Iompar 21 le húsáid ar sheirbhísí na cathrach. Nuair a leithdháileadh busanna go bealaí sonracha, ceadaíodh iad bhrandáil le faisnéis chustaiméara agus mhargaíochta bainteach leis an mbealach sin chun taisteal feadh na conaire sin a spreagadh.

Rinneadh athruithe breise le líonra na seirbhísí i ngach ceann de na réigiúin chun freastal ar riachtanais athraitheacha na gcustaiméirí, mar shampla, athraíodh amchláir chun riachtanais na gcustaiméirí a oiriúnú.

Mar chuid de phlean leanúnach na cuideachta chun faisnéis ag stadanna agus scáthláin bus a fheabhsú, cuireadh tús le clár infheistíochta scáthláin bus agus cuireadh suas níos mó ná 50 scáthlán i rith na bliana i gcomhar le comhpháirtí tráchtála na cuideachta.

## Cothabháil Seirbhísí i gCoinníollacha Dúshlánacha

Aithníonn Bus Éireann a ról mar phríomhsholáthraí iompair poiblí ar fud na tíre agus léiríodh é sin ar roinnt ócáidí i rith na bliana 2009 nuair a chuir an chuideachta ardleibhéal seirbhíse ar fáil ar bhealach sábháilte i gcúinsí deacra.

Le linn na dtuilte agus na drochaimsire ó mhí na Samhna ar aghaidh, choimeád Bus Éireann, i gcomhar leis an Roinn Iompar, na Gardaí agus údaráis áitiúla, raon leathan seirbhísí ar fud na tíre ag cinntiú go raibh custaiméirí in ann taisteal chun na hoibre agus na scoile/an choláiste, go siopaí agus chun cuairt a thabhairt ar mhuintir agus ar chairde.

Chinntigh scéim iompar scoile de chuid Bus Éireann, ag oibriú leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, go raibh seirbhís iompair scoile iomlán ag feidhmiú ar ghearrfhógra chun lá scrúdaithe breise a éascú ar an Satharn 6ú Iúil 2009. Comhlíonadh an t-iarratas gan sárú sin le níos mó ná 2,000 seirbhís a soláthraíodh go náisiúnta.

# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

De bharr dálaí drochaimsire an-dona ag Craobh Oscailte na hÉireann i mBaile Trá, iarradh ar Bhus Éireann, i gcomhar leis na Gardaí, seirbhís tointeála bus a chur i bhfeidhm ar ghearrfhógra chun na mílte daoine a iompar chuig agus ón imeacht ús ag am nuair nach raibh a lán den lucht freastail in ann teacht ar áiseanna an charrchlóis.

Tá scileanna agus oilteacht suntasacha agus tiomantas ár bhfostaithe ag teastáil chun seirbhísí a chothabháil i gcúinsí mar sin ar bhealach sábháilte Aithníodh é sin sna teachtaireachtaí agus litreacha buíochais uile a fuarthas ó raon foinsí.

### Ag Tacú le hIarnród Éireann le linn tréimhse dúnta línte

Díreach i ndiaidh an bhriste isteach ar sheirbhísí ar an líne Baile Átha Cliath-Béal Feirste, chuir Bus Éireann, i gcomhar leis an Roinn Iompair agus Iarnród Éireann, líon suntasach seirbhísí athsholáthair agus breise i bhfeidhm chun freastal ar chomaitéirí ag taisteal le hais na conaire. Fuarthas aiseolas sármhaith ó chomaitéirí maidir leis na seirbhísí seo, chomh maith le ó ionadaithe poiblí áitiúla.

## Féilte & Imeachtaí

Chuir Bus Éireann cóistí ar fáil chuig agus ó roinnt de na féilte is mó sa tír i rith na bliana 2009. Áirítear ina measc, Oxegen i mBaile Phúinse, Electric Picnic sa tSráidbhaile, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Summerfest i gCill Airne, Féile Snagcheoil Chorcaí agus na Longa Arda i mBéal Feirste.

### Imeachtaí Spóirt

Chuir Bus Éireann seirbhísí speisialta ar siúl chuig Cluichí Ceannais Craoibhe Uile-Éireann sa Pheil agus san Iománaíocht, agus baineadh triail as seirbhísí Páirceála agus Taistil chuig Páirc an Chrócaigh le haghaidh cluichí Craoibhe áirithe.

Chuireadh seirbhísí speisialta ar siúl chomh maith go Craobh Oscailte na hÉireann, Rás Aigéin Volvo, Cluiche Craoibhe an Choirn FAI, agus Rásaí na Gaillimhe, chomh maith le seirbhísí tointeála bus ó chathair Luimnigh go staid na Páirce Thomond le haghaidh cluichí rugbaí na Mumhan.

Ba é Bus Éireann an soláthraí cóiste oifigiúil chomh maith le haghaidh foireann Náisiúnta Rugbaí na hÉireann a bhuaigh an Chaithréim Mhór.

### Rannpháirtíocht sa Phobal

Lean Bus Éireann ar aghaidh lena thiomantas do phobail áitiúla ar fud na tíre trí tacaíocht a thabhairt do líon tionscadal áitiúla, cuid acu a tagraítear dóibh anseo thíos.

Bhí ról gníomhach ag Bus Éireann agus é ag obair leis an Roinn Iompair, agus comhlachtaí Stáit agus áitiúla eile chun Seachtain Soghluaisteachta na hEorpa a spreagadh, tionscnamh atá ann chun úsáid iompair poiblí níos mó a spreagadh ag leibhéil náisiúnta agus áitiúil.

I gcomhar leis an gComhlachas Tráchtála agus Comhar Creidmheasa áitiúil, thacaigh Bus Éireann le hathshlánú Bhéal Átha na Sluaighe i ndiaidh na dtuilte sa bhaile trí chomórtas a reáchtáil a bhí bunaithe go háitiúil. Fáiltíodh go háitiúil roimh an cur chun cinn.

Ina theannta sin, thacaigh Bus Éireann le roinnt eachtraí áitiúla le haghaidh na Oíche Cultúir lena n-áirítear grúpaí ceoil áitiúla ag óstáil ceolchoirmeacha i mbusárais cosúil le Sligeach.

Chuir Bus Éireann seirbhísí chuig Féile Swift Bhaile Átha Troim chun cinn chomh maith mar mhodh chun gnó agus taisteal a fhorbairt i gceantar na Mí.

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag tacú leis an nGaeilge trí chuidiú le feachtas Gaillimh le Gaeilge chun gnólachtaí sa Ghaillimh a spreagadh chun Gaeilge a úsáid trí theachtaireachtaí fógraíochta a thaispeáint ar roinnt busanna.

## Brú Tráchta

Cé nach raibh an brú tráchta chomh ard le blianta roimhe seo de bharr an choir chun donais eacnamaíoch, ba bhac suntasach i gcónaí é dár n-oibríochtaí, agus bíonn tionchar aige sin ar chostais na cuideachta agus iontaofacht na seirbhíse.

Is é an toradh atá ar bhrú tráchta ná go bhfeidhmíonn seirbhísí Bhus Éireann, go háirithe iad siúd ag buaic-amanna, ag luasanna oibriúcháin atá laghdaithe go mór agus méadaítear amanna taistil agus costais dá bharr sin. Bíonn tionchar aige sin ar iontaofacht seirbhísí chomh maith.

# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

Tá sruthanna tráchta agus meánluasanna i bhfad níos measa ná mar atá i gcathracha agus bailte inchomparáide i dtíortha Eorpacha eile. D'fhonn dul i ngleic leis an bhfadhb sin, tá tacaíocht tugtha ag Bus Éireann le fada do thabhairt isteach lánaí bus agus bearta tosaíochta bus i gcathracha agus i mbailte ar fud na hÉireann. Giorraítear amanna taistil agus méadaítear mealltacht an iompair phoiblí mar thoradh ar spás a chruthú ar an mbóthar le haghaidh iompair poiblí. Laghdaítear dá bharr sin líon na gcarranna príobháideacha ar an mbóthar, rud a fheabhsaíonn na dálaí tráchta ginearálta agus a laghdaíonn astuithe.

### Bearta Tosaíochta Bus

Tá tabhairt isteach bearta tosaíochta bus, bealaí glasa agus mórlánaí bus ríthábhachtach d'fhonn seirbhís cost-éifeachtach agus éifeachtúil, atá dírithe ar fhreastal ar riachtanais na gcustaiméirí, a sholáthar.

Rinneadh an dul chun cinn seo a leanas i bhforbairt na mbeart tosaíochta bus sna príomhchathracha in 2009:

## Achoimrí Réigiúnacha

### Réigiún an Deiscirt

Tá dul chun cinn suntasach déanta i gCorcaigh le grúpa speisialta ag cuimsiú Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí, An Garda Síochána agus Bus Éireann curtha ar bun chun scrúdú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí na tairbhí a bhaineann le Bealaí Glasa a uasmhéadú. Tá obair an ghrúpa ag leanúint ar aghaidh.

Chuir Bus Éireann, i gcomhar le hArd-Mhéara Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí, An Garda Síochána agus Comhlachas Gnó Chorcaí, tionscnamh i bhfeidhm chun na tairbhí a bhaineann le Bealaí Glasa a úsáid ag taisteal chuig agus ó chathair Chorcaí a léiriú.

Áirítear sna bearta Tosaíochta Bus a tugadh isteach i gCorcaigh sa bhliain 2009, Lánaí Bus breise, bainistíocht pháirceála, athruithe le soilse tráchta agus feabhsuithe ar Stadanna Bus ar Bhóthar na Dúghlais Theas, Crosaire Tuirnéir agus an tArdán Theas/Cé Sheoirse, atá tar éis cuidiú le busanna gluaiseacht go héifeachtach trí na ceantair sin. Tá feabhsuithe cosúla curtha i gcrích i gceantair an Mheal Theas agus na Gráinsí.

### Réigiún an Iarthair

Cuireadh tús le bearta tosaíochta bus breise sa Ghaillimh áit ar chríochnaigh an Chomhairle Cathrach Lána Bus de thart ar 800m amach le hais Bóthar Bhaile Átha Cliath. Tá tairbhe bainte ag seirbhísí Cathracha as sin, chomh maith le seirbhísí luasbhealaigh Bhaile Átha Cliath, Luimnigh, Chorcaí, agus roinnt seirbhísí áitiúla cosúil leis an nGort, Ascaill Chinn Mhara, Iarthar an Chláir agus Baile Átha an Rí.

D'oscail Comhairle Contae na Gaillimhe an lána bus isteach trí Bhaile Chláir a bhí ag teastáil agus a chuaigh chun tairbhe na seirbhísí bus. Tá an chuideachta ag súil le dul chun cinn breise sa Ghaillimh.

### Réigiún an Oirthir

Leanann an lucht bainistíochta ag obair go dlúth leis an Oifig Gréasán Bus agus na húdaráis áitiúla uile maidir le bearta tosaíochta bus breise a sholáthar, go háirithe ar na príomhbhóithre gathacha isteach go Baile Átha Cliath. Tá dul chun cinn leanúnach á bhaint amach ar raon conairí.




Bus Éireann

# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

Bhain príomhbhealaí comaitéireachta éagsúla atá ag feidhmiú trí lár na cathrach roinnt tairbhí as an Mórlána Bus a tugadh isteach i lár chathair Bhaile Átha Cliath ar feadh tréimhse gearr in 2009. Ina measc áiríodh amanna taistil laghdaithe, amanna oibriúcháin níos comhsheasmhaí, agus iontaofacht seirbhísí feabhsaithe maidir le hamanna imeachta agus sroichte feadh a gcuid mbealaí. Tá aiseolas an-dearfach tugtha ag custaiméirí maidir leis na seirbhísí sin. Fáiltíonn Bus Éireann roimh thabhairt isteach athuair an Mhórlána Bus go luath sa bhliain 2010.

### Réigiún an Iardheiscirt

Bhain costas suntasach le brú tráchta i gcathair Luimnigh don chuideachta ar feadh roinnt blianta agus tá curtha isteach aige ar thabhairt isteach na bpleananna forbartha iomlána le haghaidh seirbhísí iompair phoiblí feabhsaithe i gcathair Luimnigh.

Cé gur lean brú tráchta ag cruthú fadhbanna dár n-oibríochtaí ag na buaicuaireanta, tháinig laghdú foriomlán ar líon na bhfeithiclí trasna na cathrach sa bhliain 2009. Is de bharr an choir chun donais eacnamaíoch sa réigiún é sin den chuid is mó, le líon suntasacha poist á gcailleadh.

Rinne Comhairle Cathrach Luimnigh dul chun cinn ar líon beart tosaíochta bus i gcaitheamh na bliana. Áiríodh leis seo obair ag tosú ar lánaí bus ar Bhóthar Condell, Bóthar Inse agus Sráid Uí Mhaolchraoibhe.

Tá Bus Éireann ag fanacht le fada le lánaí bus a thabhairt isteach ar Bhóthar Inse agus ar Shráid Uí Mhaolchraoibhe, a chomhlánódh na lánaí tógtha cheana féin ag Comhairle Contae Luimnigh, agus fáiltítear roimh an dul chun cinn atá déanta maidir leis sin.

Leanfaidh Bus Éireann ag obair go dlúth le hoifigigh na n-údarás áitiúil chun déileáil le ceisteanna tráchta agus iompair agus táthar ag súil le dul chun cinn breise i Luimneach.

### Réigiún an Iarthuaiscirt

D'oibrigh Bus Éireann le húdaráis áitiúla san Iarthuaisceart chun bearta a sholáthar a fheabhsódh seirbhísí do chustaiméirí.

Bhí Bus Éireann ag obair leis na húdaráis ábhartha ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta chun teacht ar réitigh ar bhrú tráchta cosúil le guaillí crua a oscailt le húsáid mar lánaí bus nuair is féidir agus bearta tosaíochta bus breise. Táthar ag súil le dul chun cinn breise a dhéanamh sa réimse sin i gcaitheamh na bliana 2010.

## Páirceáil agus Taisteal

Feidhmíonn Bus Éireann an tseirbhís Pháirceála agus Taistil 'Black Ash' i gCorcaigh faoi chonradh do Chomhairle Cathrach Chorcaí. Bhí móréileamh fós ag custaiméirí ar an tseirbhís.

D'fheidhmigh Bus Éireann seirbhísí Páirceála agus Taistil bliantúla na Nollag chomh maith ó Ráschúrsa na Gaillimhe thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Tá cás gnó comhpháirteach curtha faoi bhráid na Roinne Iompair ag Bus Éireann le Comhairle Contae Chill Mhantáin chun áis pháirceála agus taistil a fhorbairt le haghaidh áise carrchlóis 700 spás i Ráth Naoi, Contae Chill Mhantáin, a bhainfidh úsáid as na seirbhísí sceidealaithe atá ar an gconair cheana chun freastal ar éileamh.

## An Comhshaol

Cloíonn na feithiclí nua, na feithiclí de chuid Iompar 21 agus na cóistí Luasbhealaigh nua uile le caighdeáin is airde an AE maidir le hastuithe. Ciallaíonn na feabhsuithe sin go gcloíonn 40% d'fhlít Bhus Éireann leis na caighdeáin níos airde sin, agus tá astuithe carbóin na cuideachta laghdaithe go mór dá bharr.

Tá Bus Éireann ag obair le Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann ar roinnt saincheisteanna lena n-áirítear clár Éicithiomána atá á reáchtáil faoi láthair ar bhonn trialach i gceantar Bhaile Átha Cliath.

Tá an chuideachta ag cur raon éicithionsnamh i bhfeidhm chomh maith ina cuid áiseanna agus ar bhusanna atá deartha chun dramhaíl, úsáid bhreosla agus astuithe a laghdú.

# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

## Teicneolaíocht

Chuir Bus Éireann an chéim trialach phoiblí maidir le forfheidhmiú na teicneolaíochta Córas um Shuíomh Uathoibríoch na Feithicle (SUF) i bhfeidhm i rith na bliana 2009. Le linn na trialach bhí custaiméirí in ann teacht ar fhaisnéis fíorama i leith busanna ag teacht agus ag imeacht ar bhealaí trí shuíomh gréasáin na cuideachta, ag úsáid SMS agus ag taispeáintí faisnéise ag líon busáras mórthimpeall na tíre. Tá úsáid bainte as aiseolas ón bpobal chun soláthar na faisnéise custaiméara trí SUF a fheabhsú.

Táthar ag súil go mbeidh an córas i bhfeidhm go hiomlán i rith na bliana 2010 nuair a bheidh custaiméirí in ann teacht ar fhaisnéis, trí shuíomh gréasáin na cuideachta agus teicneolaíocht SMS an ghutháin phóca, atá "leasaithe chun an tsoicind" maidir le cén uair a shroichfidh busanna aonair stadanna Bhus Éireann mórthimpeall na tíre.

Faoi mar atá molta i dtuarascáil Deloitte, tá Bus Éireann i mbun oibre leis na húdaráis áitiúla ábhartha chun Eolas Fíorama Paisinéara a thabhairt isteach i scáthláin bus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus i gCorcaigh.

### Éifeachtúlacht Oibriúcháin

De réir tuarascála Deloitte, is oibreoir iompair phoiblí éifeachtach agus éifeachtúil é Bus Éireann de réir caighdeáin na hEorpa. Áiríodh sna bearta éifeachtúlachta breise a tugadh isteach in 2009, úsáid a bhaint as feithiclí le toilleadh níos airde, atheagrú a dhéanamh ar sheirbhísí iompair scoile, úsáid a bhaint as meaisíní díola ticéid, agus comhtháthú a dhéanamh leis an gClár Iompair Tuaithe agus seirbhísí iompair na FSS.

Leanadh ag suiteáil níos mó meaisíní díola ticéid i rith na bliana 2009.

Rinneadh breis dul chun cinn teicneolaíochta sna réimsí eile den ghnó i gcaitheamh na bliana 2009. Ina measc seo áiríodh uasghrádú den suíomh gréasáin chun comhéadan níos simplí a chruthú do chustaiméirí, úsáid a bhaint as Facebook agus Twitter chun custaiméirí a thabhairt suas chun dáta maidir le seirbhísí, promóisin agus tairiscintí. Baineadh úsáid fhairsing as an áis sin le linn tréimhse na drochaimsire. Chomh maith leis sin, thagair na meáin agus saineolaithe an tionscail go dearfach don úsáid a bhaineann an chuideachta as Facebook agus Twitter.

## Inrochtaineacht

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn maidir le soláthar seirbhísí inrochtana.

Tá na seirbhísí cathracha uile inrochtana go hiomlán, chomh maith le seirbhísí na bpríomhbhailte cosúil le Baile Átha Luain, Sligeach, Dún Dealgan agus Droichead Átha.

Is é an príomh-dhúshlán a bhaineann le seirbhísí oiriúnacha do chathaoireacha rothaí a sholáthar lasmuigh de sheirbhísí bailte agus cathracha ná spás agus áiseanna leordhóthanacha a chur ar fáil ag stadanna bus chun a chinntiú go n-úsáidtear ardaitheoir do chathaoir rothaí go sábháilte ar chóistí. Tá teimpléad forbartha ag an nGrúpa Oibre um Stadanna Bus, inar áiríodh Bus Éireann, chun stadanna bus atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí a dhearadh, a scaipeadh ar an húdaráis áitiúla uile le húsáid nuair atáthar ag forbairt bonneagair na stadanna bus.

I gcaitheamh na bliana, tugadh isteach seirbhísí cóiste le hardaitheoirí cathaoireacha rothaí ar thrí bhealach idirchathrach: Port Láirge-Corcaigh; An Ghaillimh-Béal Átha Luain; agus An Ghaillimh-Béal an Átha. De bharr ceisteanna maidir le bonneagar na stadanna bus, feidhmíonn na seirbhísí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí ó cheann go ceann seachas Port Láirge-Corcaigh toisc bhfuil stad bus inrochtana feiliúnach curtha i gcrích i mBaile na Martra.

Cuirfear seirbhísí inrochtana atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí ar fáil sna seirbhísí idirchathracha in 2010.

Tá an 109A ón Uaimh go hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sceidealaithe chomh maith le bheith inrochtana ag príomh-láithreacha i rith na bliana 2010.

# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

Bhuail Grúpa Úsáideoirí Faoi Mhíchumas Bhus Éireann, ina bhfuil baill ó eagraíochtaí ionadaíocha, le chéile ceithre huaire i rith na bliana chun athbhreithniú agus ionchur a dhéanamh ar an dul chun cinn a á dhéanamh ag Bus Éireann sa réimse seo lena n-áirítear tionscadail bhonneagair.

## Iompar Scoile

Iompraíodh thart ar 125,000 páiste dhá uair in aghaidh an lae faoin Scéim Iompar Scoile sa bhliain 2009.

Oibríonn Bus Éireann go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun a chinntiú go soláthraítear Seirbhísí Iompar Scoile ar bhealach sábháilte, cost-éifeachtach agus éifeachtúil. Tá éifeachtúlachtaí suntasacha bainte amach trí scileanna bainistíochta líonra a úsáid chun raon seirbhísí a athchóiriú agus chun úsáid níos fearr agus níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní feithicle.

Is í sábháilteacht na bpáistí scoile atá ag taisteal ar bord ár seirbhísí iompair scoile ár bpríomh-thosaíocht. Tugadh aird ar leith ag leibhéal áitiúil ar fud na tíre do shábháilteacht bhus scoile a chur chun cinn, príomh-theachtaireachtaí sábháilteachta a chur in iúl, agus ar thionscnaimh chun leanaí scoile a spreagadh maidir leis sin. Mar shampla:

- Thug Seó Bhus Éireann um Shábháilteacht Bhus Scoile cuairt ar níos mó ná 30 seó talmhaíochta in 2009 lena n-áirítear an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta in Uíbh Fhailí agus d'fhreastal sé ar na Cluichí Pobail i mBaile Átha Luain. Thug an Bus Scoile, a athchóiríodh go speisialta don Seó Sábháilteachta, cuairt chomh maith ar níos mó ná 20 ionaid scoile ag cur sábháilteachta bus scoile chun cinn. D'fhreastal thart ar 200,000 duine in iomlán ar na himeachtaí sin.
- Ghlac Bus Éireann páirt gníomhach i bhfeachtais sábháilteachta áitiúla d'fhonn sábháilteacht bhus scoile a chur chun cinn ag ocht imeachtaí de chuid ilghníomhaireachtaí in 2009 cosúil leis an gclár 'Bí Sábháilte' [Be Safe] i gContae Shligigh. D'oibrigh Bus Éireann chomh maith le húdaráis áitiúla eile agus a gcuid Oifigeach Sábháilteachta lena n-áirítear iad siúd i Maigh Eo, i gCeatharlach agus i gCiarraí. Bhí áthas orainn freisin a bheith i mbun oibre i gcomhar le hÚdaráis na nGardaí, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus na Seirbhísí Éigeandála d'fhonn teachtaireachtaí sábháilteachta tábhachtacha a chur in iúl do pháistí scoile.
- Bhí foireann Bhus Éireann ó mhórthimpeall na tíre lena n-áirítear bainistíocht, oifigigh riaracháin, Cigirí Bus Scoile, agus Tiománaithe, bainteach leis na teachtaireachtaí sábháilteachta tábhachtacha sin a sheachadadh ag imeachtaí éagsúla ar fud na tíre.

Lean cáilíocht agus raon na seirbhísí iompair scoile á sholáthar faoin Scéim Iompar Scoile ag feabhsú le céad agus a seacht seirbhís nua á thabhairt isteach sa bhliain 2009. Cuireadh méid suntasach seirbhísí nua ar fáil chun freastal ar an líon méadaitheach Gaelscoileanna agus scoileanna um Oideachas le Chéile go náisiúnta.

Fiú leis an méadú sin áfach, laghdaíodh líon iomlán na bhfeithiclí á úsáid faoin Scéim faoi 59 trí phleanáil líonra éifeachtach agus cúramach a chur go mór le cost-éifeachtacht.

Tháinig méadú faoi 53 go 361 ar líon na bhfeithiclí oiriúnach do chathaoir rothaí a bhí ag soláthar seirbhísí iompair scoile gach lá faoin Scéim Iompar Scoile i gcaitheamh na bliana.

Ina theannta sin, cuireadh tús le ticéid iompair scoile bhliantúla. I rith na bliana 2009 cuireadh tús leis an deis ticéad a cheannach agus suíochán ar bhus scoile a chur in áirithe don Scoilbhliain ar fad i gcomparáid leis an socrú téarma ar théarma a bhí ann roimhe seo.

D'fhonn a chinntiú go bhfuil caighdeáin comhsheasmhach le dea-chleachtais an tionscail thar raon leathan seirbhísí de chuid na Scéime Iompar Scoile, tá feidhm á bhaint as eagraíocht saineolaíoch neamhspleách chun spotseiceálacha a dhéanamh ar bhusanna na gconraitheoirí a úsáidtear chun seirbhísí na Scéime Iompar Scoile a sholáthar. Bhí clár cosúil leis sin i bhfeidhm cheana féin le haghaidh flít de chuid Bus Éireann.

## Sábháilteacht & Bainistíocht Riosca

Is í sábháilteacht ár gcustaiméirí agus ár bhfoireann príomh-thosaíocht Bhus Éireann. Leanann an bhainistíocht uirthi ag treisiú cultúr sábháilteachta ar fud na heagraíochta. Mar chuid de sin, lean an chuideachta uirthi ag infheistiú in oiliúint le haghaidh na foirne cosúil le Deimhniú Inniúlachta Gairmiúil na dTiománaithe agus oiliúint teicniúil d'fhostaithe cothabhála in 2009. Ar aon dul le beartas, déanann an chuideachta athbhreithniú agus nuachóiriú go rialta ar a córais bhainistíochta sábháilteachta.

# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

## Uasghráduithe Flít

Cheadaigh infheistíocht Iompar 21 sa bhliain 2009 do Bhus Éireann na seirbhísí a bhí ann cheana a fheabhsú agus toilleadh na bpríomhbhealaí comaitéara a mhéadú.

I gcaitheamh na bliana 2009, ghlac Bus Éireann seachadadh ar fhuíoll an ordaithe flít, dá bhrí sin ag cur 90 feithicle inrochtana nua lena fhlít faoi Iompar 21 agus ní amháin gur cuireadh feabhas ar eispéaras taistil na gcustaiméirí, ach éascaíodh feabhsú na seirbhísí chomh maith.

Áiríodh leis sin, 32 cóiste dhá stór inrochtana a thabhairt isteach ar bhealaí comaitéara i gCúige Laighean le hinfheistíocht €15m. Féadfaidh na cóistí den chéad scoth suas le 78 paisinéir a iompar agus tháinig méadú suas le 50% ar thoilleadh in aghaidh na feithicle ar bhealaí a úsáidtear go minic de bharr a n-úsáid. Chur sé sin feabhas ar chumas na cuideachta freastal ar éileamh ar bhealaí comaitéara dá bhrí sin ag feabhsú éifeachtúlacht le líon beag busanna. Ina theannta sin, chuir na cóistí dhá stór le eispéaras taistil níos fearr do chustaiméirí de bharr a gcuid sonraíochta ardchaighdeáin.

Tugadh isteach busanna comaitéara dhá stór agus busanna aon stóir chomh maith ar sheirbhísí i gcathair Chorcaí, agus baineadh úsáid as busanna aon stóir agus busanna cathracha le haghaidh seirbhísí bailte i Sligeach agus Dún Dealgan.

Ar an iomlán, faoi Iompar 21, tá 239 bus agus cóiste nua tugtha isteach ag Bus Éireann in hinfheistíocht de thart ar €71 milliún. Cheannaigh an chuideachta 60 cóiste Luasbhealaigh breise chomh maith óna cuid acmhainní féin in 2008 le húsáid chun críocha tráchtála.

Tá tairbhe bainte ag custaiméirí as na feabhsuithe trasna an fhlít maidir le inrochtaineacht, compord agus laghdú ar an lorg carbóin.

## Uasghráduithe Garáiste

Críochnaíodh tógáil an gharáiste bus nua le haghaidh flít na cuideachta sa Ghaillimh in 2009 in am agus de réir an bhuiséid.

Cuireann an garáiste den chéad scoth, atá 3,500 méadar cearnach, spás méadaithe le haghaidh cothabhála agus páirceála feithicle ar fáil, agus baineann sé úsáid as teicneolaíocht chun gluaiseacht tráchta, córais sábháilteachta, teas agus solas a bhainistiú. Cloíonn an foirgneamh agus a chuid trealaimh leis na caighdeáin is airde sláinte agus sábháilteachta, agus comhshaoil. Áirítear riaracháin agus cóiríocht foirne sa bhfoirgneamh chomh maith.

Leanadh ar aghaidh le huasghrádú an trealaimh garáiste riachtanach i gcaitheamh na bliana.

### Feabhsuithe ar an nGréasán Bóithre ar fud na Tíre

De réir tuarascála Deloitte, cruthaíonn oscailt na mótarbhealaí agus na seachbhóithre deiseanna agus dúshláin araon don chuideachta.

Thuairiscigh an tuarascáil go gcuireann oscailt na mótarbhealaí agus na seachbhóithre baile brú breise ar chothabháil an ghréasáin eisigh. Luann an tuarascáil, "Le mórfheabhsuithe ar an ngréasán bóithre, áfach, roghnóidh custaiméirí ó bhailte móra mearsheirbhísí díreacha nuair is féidir, dá bhrí sin ag laghdú inmharthanacht airgeadais na seirbhísí go bailte níos lú. D'fhéadfadh suímh tánaisteacha a seachthreoraítear mar thoradh ar mhearsheirbhísí díreacha éirí neamheacnamaíoch agus d'fhéadfadh go mbeadh maoiniú OSP ag teastáil uathu."

Táthar ag cur leis an bhfadhb de bharr ceadúnas a bheith á eisiúint do chuideachtaí eile chun seirbhísí níos dírí a reáchtáil agus de bharr seirbhísí gan cheadúnas a bheith ag feidhmiú agus roinnt acu díreach roimh amanna imeachta bunaithe Bhus Éireann le hais na bpríomh-chonairí.



Bus Éireann

# ATHBHREITHNIÚ OIBRÍOCHTAÍ (AR LEANÚINT)

Mar achoimre, faoi mar a luaigh tuarascáil Deloitte, braithfidh cothabháil na seirbhísí trí shuímh tánaisteacha áirithe ar an leibhéal maoinithe OSP infhaighte dá bharr sin.

## Ag Infheistiú i nDaoine

Sa bhliain 2009, lean Bus Éireann lena chuid infheistíochta leanúnaí in oiliúint agus forbairt foirne, thar na grúpaí foirne uile.

## Oiliúint na dTiománaithe

Sa bhliain 2009, dhírigh oiliúint na dtiománaithe ar oiliúint sábháilteachta, teicnící tiomána cosanta a chur chun cinn, cúram custaiméara, teicneolaíocht nua a thabhairt isteach, trealamh feithicle oiriúnach do chathaoir rothaí, chomh maith le dul i dtaithí ar na feithiclí nua uile tugtha isteach sa bhflít.

Tá leagan nua de Leabhrán na dTiománaithe agus Lámhleabhar Ticéadaithe [The Drivers' Handbook and Ticketing Manual] á nuachóiriú faoi láthair agus dáilfear ar na tiománaithe uile é sa bhliain 2010. Comhlánaíonn na feasacháin faisnéise ráithiúla rialta maidir le sábháilteacht ar bhóithre a dháiltear ar thiománaithe é sin.

Comhlíonadh an chéad mhodúl oiliúna Deimhniú Inniúlachta Gairmiúil do Thiománaithe, atá faofa ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, i rith na bliana. Comhlíonfar an dara modúl faoi 2010.

## Foireann Chothabhála

Cuireadh an fhoireann chothabhála faoi oiliúint fhairsing maidir leis na córais feithicle nua sa bhliain 2009.

Tá oiliúint ar shaincheisteanna sábháilteachta á chur ar fáil agus dea-chleachtas á chothabháil ar bhonn leanúnach.

## Oiliúint na bPrintíseach

Leanadh ag cur printíseachtaí faoi oiliúint le 15 printíseach nua fostaithe in 2009. Tugann na printísigh faoi chlár oiliúna ceithre bliana, atá curtha ar fáil ag Bus Éireann i gcomhar le FÁS.

## Foireann Chléireachais

Cuireadh roinnt cúrsaí oiliúna ar fáil d'fhostaithe ábhartha i gcaitheamh na bliana lena n-áirítear oiliúint maidir le córais TF nua agus eiseach, a úsáidtear go leathan sa ghnó.

## An Duaiscéim

Cuireadh éagsúlacht chúrsaí ar fáil d'fhostaithe trí An Duaiscéim, scéim oscailte don fhoireann uile, chun cuidiú leo a gcuid scileanna a fhorbairt san ionad oibre.

## Forbairt Bhainistíochta

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag infheistiú ina thaithí bhainistíochta i gcaitheamh na bliana leis an fhoireann ag tabhairt faoi líon clár forbartha gairmiúla.

Lean Bus Éireann ag déanamh urraíochta ar roinnt fostaithe ar chlár Dioplóma um Staidéar Bainistíochta don Earnáil Iompair. Díríonn an cúrsa seo, arna reáchtáil ag Údarás Eitlíochta na hÉireann, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus FÁS, ar scileanna daoine a fhorbairt i réimse na bainistíochta daonna agus iad a sholáthar le tuiscint iomlán den timpeallacht ghnó níos leithne ina bhfeidhmíonn Bus Éireann. Tá an cúrsa dhá bhliain comhlíonta ag 26 fostaí agus tá 17 fostaí sa chéad agus sa dara bliain faoi láthair.

## Beartas/Ceadúnú Bus

Rinneadh dlí den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí i mí na Nollag. Leathnaíonn an tAcht seo téarmaí tagartha Údaráis Iompair Bhaile Átha Cliath trí hÚdarás Iompair Náisiúnta a chur ar bun.

Síníodh Conradh Seirbhíse Poiblí idir an tÚdarás Iompair Náisiúnta agus Bus Éireann ar an 1ú Nollaig 2009. Leagann an conradh amach go mionsonraithe an gréasán agus raon na seirbhísí atá le soláthar ag Bus Éireann, na leibhéil feidhmíochta atá le baint amach ag an gcuideachta faoin oibleagáid seirbhíse poiblí agus an cúiteamh atá le híoc ag an tÚdarás Iompair Náisiúnta le haghaidh soláthar na seirbhísí sin. Áiríonn an conradh spriocanna dúshlánacha do Bhus Éireann agus táthar ag súil le hoibriú sa timpeallacht rialála nua agus caidreamh láidir a fhorbairt leis an tÚdarás Iompair Náisiúnta.

Cuirfidh an tÚdarás Iompair Náisiúnta na seirbhísí nua uile maidir le hoibleagáid seirbhíse poiblí amach ar thairiscint.

Áirítear alt san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí ar cheadúnú tráchtála a aisghaireann an tAcht Iompair 1932. Is dóchúil go n-achtófar an t-alt seo chomh luath agus a thugtar treoirlínte ceadúnaithe chun críche níos déanaí sa bhliain 2010. Go dtí sin, is é Acht na bliana 1932 a bheidh mar bhonn d'eisiúint ceadúnaithe tráchtála.

# STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE

## Stiúrthóirí ag 1st Aibreán 2010

**An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach**
**T. Honan Uasal**
**An tUas. J. Pender**
**An tUas. J. Byrne**
**An tUas. J. Griffin**
**An tUas. R. Langford**
**An tUas. J. Moloney**
**An tUas. B. McCamley**
**S. Donohoe Uasal**

**Príomhfheidhmeannach**
**An tUas. T. Hayes**

### Rúnaí agus Oifig Chláraithe

**A. Keane Uasal**
An Chloch Leathan,
Baile Átha Cliath 7.

Teileafón: 00 353 1 703 3447
Facs: 00 353 1 703 3486
Suíomh Gréasáin: www.buseireann.ie

Uimhir Chláraithe: 119570

### Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
hAon Dug Spencer,
Cé an Phoirt Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1.

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair faoi réir a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009 de chuid na hÉireann agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú) 1986. Ullmhaíodh cuntais na cuideachta agus na nótaí a bhaineann leo, atá mar chuid de na cuntais agus atá san áireamh sa tuarascáil seo, roimh ré faoi réir chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.

## Príomh-Ghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is cuideachta bhainistithe iompair é Bus Éireann, arb iad a príomh-ghníomhaíochtaí ná bainistiú agus pleanáil a dhéanamh ar ghréasán lánpháirtithe seirbhísí, ag baint úsáide as a cuid acmhainní féin agus as acmhainní fochonraitheoirí. Clúdaíonn an gréasán lánpháirtithe sin seirbhísí cóistí achar fada, agus seirbhísí busanna áitiúla, tuaithe, coimitéara, cathracha cúige agus bailte móra cúige. Tá an chuideachta freagrach freisin as bainistiú agus soláthar na Scéime Iompair Scoile náisiúnta thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Thaifead an chuideachta easnamh foriomlán de €11,166,000 i ndiaidh íocaíochta na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí de €49,365,000. Tháinig laghdú 5.91 milliún turas ar líon na dturas paisinéara bóthair agus laghdaigh na turais scoile faoi 3.32 milliún turas sa bhliain 2009.

Tháinig méadú €2.99 milliún ar an ioncam go €302.7 milliún i mbliain dheacair trádála le hiomaíochas méadaithe ar ghnéithe is brabúsaí an ghréasáin. Mhéadaigh costais a bhain le Párolla go €145.97 milliún i gcaitheamh na bliana.

D'ardaigh costais ábhar agus seirbhísí go príomha mar thoradh ar chostais bhreosla.

Tá an Chuideachta ag leanúint lena fócas láidir ar chaighdeán agus ar éifeachtúlacht a seirbhísí a fheabhsú do gach custaiméir. Agus monatóireacht á déanamh ar fheidhmíocht na Cuideachta, athbhreithníonn na bainisteoirí mar aon le stiúrthóirí na Cuideachta raon de phríomhtháscairí feidhmíochta oibríochta agus airgeadais, go rialta.

Tá athbhreithniú mionsonraithe ar ghníomhaíocht na Cuideachta don bhliain san Athbhreithniú ar leathanaigh 3 go 14.

## Torthaí agus Cúlchistí

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 leagtha amach go sonrach ar leathanaigh 22 go 36. Taispeánann na torthaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 easnamh de €11,166,000 (2008 - Easnamh €8,092,000).

## Rialú Inmheánach agus Bainistiú Riosca

Tá Grúpa Athbhreithnithe Iniúchta i bhfeidhm ag Bord Bhus Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cuntais bhliantúla, na rialuithe inmheánacha agus ar chúrsaí comhlíonta, ar éifeachtacht iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh agus ar bhainistiú riosca. Cothabhálann an chuideachta clár riosca agus déantar uasghrádú air ar bhonn leanúnach le go ndéanfaidh na stiúrthóirí agus na bainisteoirí sinsearacha athbhreithniú air.

Tá Coiste Sábháilteachta Boird agus Coiste Cothabhála Boird ann freisin chun cúrsaí sábháilteachta, cúrsaí cothabhála agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus tuairiscíonn siad chuig bord Bus Éireann.

## Tinreamh ag Cruinnithe Boird/Coiste

Seo a leanas sonraí de thinreamh na stiúrthóirí ag cruinnithe boird/coiste a tionóladh i gcaitheamh 2009.

| | Bord BE | Sábháilteacht | Cothabháil |
|---|---|---|---|
| An Dr J.J. Lynch | 9/10 | | |
| R. Langford | 10/10 | | |
| J. Byrne | 10/10 | 9/9 | 3/3 |
| J.Griffin | 4/6 | | |
| J. Hegarty | 3/3 | | 2/3 |
| J. Pender | 8/10 | | |
| J. Moloney | 10/10 | 4/9 | 2/3 |
| B. McCamley | 10/10 | | |
| T. Honan | 10/10 | 7/9 | |

## Rannpháirtíocht na bhFostaithe

Ceapadh comhairlí áitiúla na Comhpháirtíochta Fiontair déanach sa bhliain 2009. Tionóladh cruinnithe ráithiúla na gcomhairlí áitiúla nua i ngach láthair i gcaitheamh na bliana 2009. Chuir rúnaíochtaí na comhairlí áitiúla ábhair díospóireachta ar aghaidh chuig na cruinnithe ardghrúpa.

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEANÚINT)

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta folláine a fostaithe a chinntiú trí áit oibre shábháilte a chothabháil agus tríd an reachtaíocht fostaíochta iomchuí a chomhlíonadh, lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Bhí cruinnithe rialaithe ag coiste sábháilteachta Bhord Bhus Éireann, a bunaíodh ag leibhéal fo-bhoird i 2004. Déanann an grúpa monatóireacht ar shábháilteacht na cuideachta i gcoinne phlean sábháilteachta bliantúil agus spreagann an grúpa an méid is mó rannpháirtíochta agus is féidir maidir le feasacht sábháilteachta agus maidir le timpistí a chosc sa chuideachta.

## Rialacháin um Íoc Deireanach in Idirbhearta Tráchtála 2002

Tugann na stiúrthóirí aitheantas dá gcuid freagrachta as ucht comhlíonadh a chinntiú, i leith nithe ábharacha uile, le forálacha Rialacháin an CE (íoc deireanach) 2002. Táthar tar éis gnáthaimh a fhorfheidhmiú chun na dátaí a aithint ina dtiteann sonraisc uile dlite chun íocaíochta agus chun a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí faoi dhátaí dá leithéid. Soláthraíonn gnáthaimh dá leithéid dearbhú réasúnach i gcoinne neamh-chomhlíonadh ábharach leis na rialacháin.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Ceapadh Oifigeach Comhionannais agus Pearsanra nua i Meán Fómhair 2009.

Faoi mar a éilíonn an tAcht um Míchumas 2005, leanann Bus Éireann ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar líon na bhfostaithe dá chuid atá faoi mhíchumas. Ón uair a chur Bus Éireann tús lena phróiseas monatóireachta tá méadú beag comhsheasmhach tagtha ar líon a chuid fostaithe faoi mhíchumas.

Tá tús curtha ag Bus Éireann le tionscnamh i dteannta leis an Institiúid Náisiúnta do Mhíchumas Intleachtúil (NIID) i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is institiúid chuimsitheach é an NIID a dhíríonn ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil do dhaoine aonair atá faoi mhíchumas intleachtúil.

San NIID is féidir le mic léinn atá faoi mhíchumas intleachtúil páirt a ghlacadh i clár dhá bhliain, lánaimseartha faofa ag Coláiste na Tríonóide. Sa dara bliain den chlár ní mór do mhic léinn ar a laghad 70 uaire thaithí oibre a chomhlíonadh agus tá beirt mhac léinn ag cur a gcuid taithí oibre i gcrích le Bus Éireann. Is léir gur fíor-rathúil an tionscnamh seo agus is ceann é go bhfuil sé ar intinn ag Bus Éireann leanúint ar aghaidh leis agus é a leathnú fiú.

Lean Bus Éireann ar aghaidh lena ghafacht leis an Údarás Comhionannais agus le cuideachtaí iompair eile i gclár ag spreagadh seirbhísí iompair cairdiúil ó thaobh aoise de.

De réir polasaí cuimsitheach na Cuideachta "Meas & Dínit san Ionad Oibre" tá foireann eadránaithe curtha ar bun agus oilte ag Bus Éireann. Trí mheán forbartha an tacair scileanna seo laistigh den eagraíocht tá Bus Éireann ag forbairt ar a thiomantas i leith timpeallacht oibre dearfach a chruthú ina bhfuil fáilte is fiche roimh fostaithe, custaiméirí, conraitheoirí agus cuairteoirí agus go gcaitear leo go cuí.

## Leabhair Chuntais

Is iad na bearta ar ghlac na stiúrthóirí leo lena chinntiú go gcloítear le hoibleagáid na cuideachta leabhair chuntais chearta a choimeád ná córais agus nósanna imeachta chuí a úsáid agus foireann cháilithe a fhostú. Tá na leabhair chuntais á gcoimeád ag Bus Éireann, An Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

## Stiúrthóirí

Ceapann an tAire Iompair stiúrthóirí na comhlachta. Roimh 1 Lúnasa, 2008 cheap Cathaoirleach Chóras Iompair Éireann stiúrthóirí le toiliú an Aire. Tá na stiúthóirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2009 nó iad siúd a ceapadh ó shin leagtha amach thíos. Ach amháin san áit a léirítear sin, d'fhóin na stiúrthóirí don bhliain iomlán.

An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach (Athcheaptha 29 Márta 2010)
An tUasal J. Byrne
An tUasal J. Hegarty (D'éirigh as 28 Márta 2009)
T. Honan Uasal (Sínte go 9 Feabhra 2010 agus sínte arís go 9 Feabhra 2011)
An tUasal R. Langford
An tUasal J. Moloney (Athcheaptha 1 Nollaig 2009)
An tUasal B. Mc Camley (Athcheaptha 1 Nollaig 2009)
An tUasal J. Pender
An tUasal J. Griffin (Ceaptha 18 Bealtaine 2009)
S. Donohoe Uasal (Ceaptha 15 Márta 2010)

Bus Éireann

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEANÚINT)

Ní raibh aon leas in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na cuideachta, de chuid a cuideachta sealbhaíochta nó a comh-fhochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí ag aon tráth i rith na bliana.

## Cód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit

Tá mionsonraí na bpolasaithe agus na nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis don Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit a bheith foilsithe leagtha amach i gcuntas ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Iniúchóirí

Léirigh na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe a dtoilteanas leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird
**An Dr. J.J. Lynch**, Cathaoirleach
**An tUasal R. Langford**, Stiúrthóir

Dáta 1 Aibreán 2010

# RÁITEAS D'FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bhrabús agus caillteanas na cuideachta don bhliain sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- gach breithiúnas nó meastachán a dhéanamh go réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an chuideachta lena gnó

.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na cuideachta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn agus go bhfuil said ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ

## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig comhaltaí de Bhus Éireann – Bus Éireann

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 22 go 36.

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí faoi seach

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme in Éirinn mar aon le caighdeáin chuntasaíochta ina nglactar go ginearálta leo in Éirinn mar atá leagtha amach ar leathanach 19 sa Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí.

Is é an fhreagracht atá orainne inniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar atá dlite faoin dlí agus le rialáil agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní d'aon chríocha eile. Ní thógaimid ná ní ghlacaimid le freagracht, agus sinn ag léiriú ár dtuairim, as aon chríocha eile nó as aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó i cibé lámha a bhféadfadh sé dul seachas nuair a bhíonn sin comhaontaithe roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom agus an bhfuil siad ullmhaithe de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn agus go bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2009. Luaimid an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid freisin cibé inár dtuairim:

- an bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta;
- an bhfuil tuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- ag dáta an chláir chomhardaithe an raibh staid airgeadais ann a d'fhéadfadh a cheangal ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéadfadh staid airgeadais den sórt sin a bheith ann mura mbíonn glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite i gclár comhardaithe na cuideachta, níos mó ná leath a scairchaipiteal glaoite.

Tuairiscímid freisin, mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí.

## Bunús leis an Tuairim Iniúchóireachta

Chuathas i mbun na hiniúchóireachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta. Déantar, mar chuid den iniúchóireacht, iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus faisnéis a nochtaítear sna ráitis airgeadais. Déantar mar chuid de chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta d'imthosca na cuideachta agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh ar shlí leordhóthanach.

Pleanáladh an t-iniúchadh agus cuireadh i gcrích é sa chaoi agus go bhfuarthas gach faisnéis agus míniúchán a measadh ba ghá chun dóthain fianaise a chur ar fáil chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha a d'eascródh ó chalaois nó mírialtacht nó earráid. Agus sinn ag teacht ar an tuairim sin, rinneadh dóthaineacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais a mheas chomh maith.

## Tuairim

Inár dtuairim tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2009 in Éirinn agus ar a chaillteanas agus ar shreabhadh airgid don bhliain dár chríoch amhlaidh, agus gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

# TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ (AR LEANÚINT)

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár

n-iniúchta. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 16 go 18 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glan-sócmhainní na cuideachta, mar a luaitear sa chlár comhardaithe ar leathanach 24, níos mó ná leath an méid scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbonn

sin ní raibh staid airgeadais ann an 31 Nollaig, 2009, a d'éileodh, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, cruinniú ginearálta neamhghnách den chuideachta a thionól.

**PricewaterhouseCoopers**

Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
hAon Dug Spencer,
Cé an Phoirt Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1.

1 Aibreán 2010

# PRÍOMHPHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an chuideachta:

## (A) Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus i reachtaíocht na hÉireann atá comhdhéanta d'Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsiú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta.

## (B) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha bunaithe ar an gcostas stairiúil sin.

Is mar seo a leanas a ríomhtar dímheas:

### (i) Feithiclí paisinéirí bóthair

Dímheastar costais stairiúla feithiclí paisinéirí bóthair seachas busanna scoile thar a saoil úsáideacha measta ar bhunús céatadáin atá ag laghdú a léiríonn úsáid na bhfeithiclí feadh a saoil. Dímheastar costais stairiúla busanna scoile trí thráthchodanna bliantúla comhionanna thar a saoil úsáideacha measta.

### (ii) Gléasra agus innealra

Dímheastar ranganna na sócmhainní thuas, trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbonn leathadh a gcostais stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

## (C) Sócmhainní ar léas

### Léasanna oibríochta

Muirearaítear íocaíochtaí cíosanna faoi léasanna oibríochta chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

## (D) Stoic

Luacháiltear ábhair agus páirteanna breise ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Díscríobhtar stoic ar eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i ndáil le stoic a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (E) Íocaíochtaí agus Deontais Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí

### (i) Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí

Déileáiltear le híocaíochtaí Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### (ii) Deontais an Aontais Eorpaigh agus ón Státchiste

Muirearaítear deontais an Aontais Eorpaigh (AE) agus ón Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitil chuig ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

## (F) Airgead coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go euro ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais mhalartaithe réalaithe ar idirbhearta a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (G) Pinsin

Déantar an costas ionchais maidir le pinsin a soláthar d'fhostaithe a mhuirearú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta fostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, agus leas á bhaint as comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag an ráta a mheastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais phinsin rialta, arna sainaithint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchais seirbhíse fanta de chuid comhaltaí na scéime.

Déantar soláthar do chostas caipitil na bpinsean forlíontach agus muirearaítear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais iad sa bhliain a n-aithnítear scaoileadh an fhostaí lena mbaineann agus cuirtear san áireamh é i gcostas an scaoilte.

# CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

| Bliain dar chríoch an 31 Nollaig | *Nótaí* | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | **302,663** | 299,676 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | *1* | **(145,969)** | (142,311) |
| Ábhair agus seirbhísí | *2(a)* | **(200,564)** | (195,108) |
| Dímheas agus caillteanas ar dhiúscairt shócmhainní inlámhsithe | *3* | **(10,282)** | (11,886) |
| **Iomlán na gcostas oibríochta** | | **(356,815)** | (349,305) |
| **Easnamh roimh caillteanas ar dhiúscairtí, ús, íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus roimh míreanna eisceachtúla** | | **(54,152)** | (49,629) |
| Caillteanas ar dhiúscairt | | **(514)** | (149) |
| **Easnamh roimh ús, íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus roimh míreanna eisceachtúla** | | **(54,666)** | (49,778) |
| Ús infhaighte | | **635** | 1,840 |
| **Easnamh roimh íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus roimh míreanna eisceachtúla** | | **(54,031)** | (47,938) |
| Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | *19* | **49,365** | 41,846 |
| **Easnamh don bhliain tar éis íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus roimh míreanna eisceachtúla** | | **(4,666)** | (6,092) |
| Mír eisceachtúil | *2(b)* | **(6,500)** | (2,000) |
| **Easnamh don bhliain tar éis íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus tar éis míreanna eisceachtúla** | | **(11,166)** | (8,092) |
| **Barrachas carntha ag tús na bliana** | | **6,750** | 14,842 |
| **Barrachas/(Easnamh) carntha ag deireadh na bliana** | | **(4,416)** | 6,750 |

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leanúnacha an chuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain nó caillteanais aitheanta seachas iad sin a ndéileáiltear leo sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J.J. Lynch** Cathaoirleach

**An tUasal R. Langford** Stiúrthóir

Bus Éireann

# CLÁR COMHARDAITHE

| **Amhail an 31 Nollaig** | *Nótaí* | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | *4* | **131,746** | 153,440 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *5* | **5,342** | 4,816 |
| Féichiúnaithe | *6* | **81,081** | 75,854 |
| Airgead sa bhanc agus airgead ar lámh | | **336** | 348 |
| | | **86,759** | 81,018 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | *7* | **(75,943)** | (69,422) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **10,816** | 11,596 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **142,562** | 165,036 |
| **Soláthar le haghaidh dliteanas agus muirir** | *8* | **(46,562)** | (44,270) |
| **Ioncam Iarchurtha** | *9* | **(71,212)** | (84,812) |
| | | **24,788** | 35,954 |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *10* | **29,204** | 29,204 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | **(4,416)** | 6,750 |
| **Cistí Scairshealbhóirí** | *11* | **24,788** | 35,954 |

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J.J. Lynch** Cathaoirleach

**An tUasal R. Langford** Stiúrthóir

# RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

| Bliain dar chríoch an 31 Nollaig | Nótaí | 2009<br>€000 | 2008<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | *12(a)* | 6,699 | 22,830 |
| **Toradh ar infheistíocht agus seirbhísiú airgeadais** | | | |
| Ús infhaighte | | 635 | 1,840 |
| | | 7,334 | 24,670 |
| **Caiteachas caipitil** | | | |
| Breiseanna le sócmhainní inláimhsithe | *4* | (3,644) | (54,539) |
| Dhiúscairt shócmhainní inláimhsithe | | 38 | 24 |
| Deontais chaipitil a fuarthas | *9* | 296 | 41,139 |
| | | (3,310) | (13,376) |
| **Insreabhadh roimh úsáid acmhainní leachtacha agus airgeadú** | | 4,024 | 11,294 |
| **Bainistiú ar acmhainní leachtacha** | | | |
| Gluaiseacht i méideanna dlite den chuideachta shealbhaíochta | *12(b)* | (4,036) | (11,789) |
| **Laghdú in airgead tirim** | *12(b)* | (12) | (495) |

Tá acmhainní leachtacha comhdhéanta de mhéideanna atá dlite den chuideachta shealbhaíochta, a léiríonn airgead tirim a ghintear agus nach mbíonn riachtanach láithreach d'oibríochtaí, agus a chuirtear ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, agus a bheidh inaisíoctha ar a éileamh.

| Réiteach an ghlan-shreabhaidh airgid le gluaiseacht i nglanchistí | 2009<br>€000 | 2008<br>€000 |
|---|---|---|
| Laghdú in airgead tirim sa bhliain | (12) | (495) |
| Airgead tirim ó athrú in acmhainní leachtacha | 4,036 | 11,789 |
| **Gluaiseacht i nglanchistí** | 4,024 | 11,294 |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir | 62,832 | 51,538 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig** | 66,856 | 62,832 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. Párolla agus Costais Ghaolmhara

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Pá agus tuarastal | **124,788** | 123,293 |
| Costais leasa shóisialaigh | **10,807** | 10,296 |
| Costais pinsin eile | **9,950** | 7,563 |
| | **145,545** | 141,152 |
| Costais an chláir athraithe | **352** | 1,080 |
| Obair innealtóireachta do chuideachtaí grúpa | **(55)** | (58) |
| **Glanchostais foirne** | **145,842** | 142,174 |
| | | |
| **Luach saothair na stiúrthóirí** | | |
| **Díolaíochtaí** | | |
| – do sheirbhísí mar stiúrthóirí | **71** | 83 |
| – do sheirbhísí eile* | **56** | 54 |
| **Iomlán luach saothair na stiúrthóirí agus díolaíochtaí** | **127** | 137 |
| | | |
| **Párolla agus costais ghaolmhara** | **145,969** | 142,311 |

Íoctar táillí stiúrthóirí mar seo a leanas le stiúrthóirí na cuideachta le haghaidh seirbhísí mar stiúrthóirí:

An tUas. J. Byrne €13,067, an tUas. J. Griffin €7,788, an tUas. J. Hegarty €3,500, T. Honan Uasal €20,414 (Stiúrthóir Sinsearach), an tUas. R. Langford €13,067, an tUas. J. Pender €13,067. Níor fhuair an Dr. J.J. Lynch, an tUas. B. McCamley, agus an tUas. J. Moloney aon táillí stiúrthóirí do sheirbhísí mar stiúrthóirí.

San áireamh i gcostais tuarastal agus pánna tá €220,322 le haghaidh tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh, an tUas T. Hayes le haghaidh seirbhísí feidhmiúcháin.

** Stiúrthóir oibrí*

Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana mar seo a leanas:

| | Líon foirne | |
|---|---|---|
| | **2009** | 2008 |
| Lánaimseartha | **2,286** | 2,296 |
| Tiománaithe bus scoile páirtaimseartha | **534** | 541 |
| Iomlán | **2,820** | 2,837 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 2(a). Ábhair agus Seirbhísí

| | Nótaí | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|---|
| Breoslaí agus bealadh | | **34,519** | 20,895 |
| Conraitheoirí eile | | **120,463** | 124,156 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | | **563** | 482 |
| Feithiclí léasa oibríochta ar cíos | | **581** | 612 |
| Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra | *8* | **7,670** | 8,940 |
| Rátaí | | **847** | 827 |
| Luach saothair na n-iniúchóirí | | **50** | 50 |
| Costais íoctha le stiúrthóirí | | **3** | 6 |
| Ábhair agus seirbhísí eile | | **35,868** | 39,140 |
| | | **200,564** | 195,108 |

| | 2009 | 2008 |
|---|---|---|
| San áireamh sna costais a cúitíodh le stiúrthóirí tá: | | |
| Cothabháil/cóiríocht | **1** | 4 |
| Eile | **2** | 2 |
| | **3** | 6 |

## 2(b). Mír eisceachtúil

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Costas athstruchtúraithe | **6,500** | 0 |
| Fíneáil | **0** | 2,000 |

Mar chuid den chlár athghabhála costais tá foráil déanta ag an gcuideachta le haghaidh costais téarfa deonaí agus luathscoir.

Baineann an fhíneáil seo leis an fhíneáil cúirte maidir le timpiste Bhaile an Cheantaigh.

## 3. Dímheas agus Amúchadh Deontais

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Dímheas shócmhainní seasta inláimhsithe *(nóta 4)* | **24,786** | 22,632 |
| Amúchadh deontais *(nóta 9)* | **(14,504)** | (10,746) |
| | **10,282** | 11,886 |

Bus Éireann

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000 | Gléasra Agus Innealra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir, 2009 | 281,912 | 15,819 | **297,731** |
| Breiseanna | 2,035 | 1,609 | **3,644** |
| Diúscairtí | (6,792) | (353) | **(7,145)** |
| **Amhail an 31 Nollaig, 2009** | 277,155 | 17,075 | **294,230** |
| **Dímheas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir, 2009 | 136,400 | 7,891 | **144,291** |
| Muirear don bhliain | 22,923 | 1,863 | **24,786** |
| Diúscairtí | (6,272) | (321) | **(6,593)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2009** | 153,051 | 9,433 | **162,484** |
| **Glanmhéideanna leabhair** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig, 2009** | 124,104 | 7,642 | **131,746** |
| Amhail an 31 Nollaig, 2008 | 145,512 | 7,928 | **153,440** |

(a) Seo a leanas an fad saoil úsáideach ionchasach do na cineálacha éagsúla sócmhainní chun críche dímheasa:

| | **Saol (Blianta)** |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 8 – 14 |
| Gléasra agus innealra | 5 – 10 |

(b) Dímheasadh feithiclí paisinéirí bóthair ag costas €27,171,737 (2008 – €27,701,438) go hiomlán ach táthar fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Tá Neamhní (2008 – €14,961,175) san áireamh ar shócmhainní seasta inláimhsithe amhail an 31 Nollaig, 2009 i ndáil le sócmhainní seasta inláimhsithe nach bhfuil fós i mbun seirbhíse.

Bus Éireann

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 5. Stoic

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spárála | **3,897** | 3,617 |
| Breoslaí, bealadh agus stoic éagsúla | **1,445** | 1,199 |
| | **5,342** | 4,816 |

Áirítear sna méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna a choimeádtar go riachtanach chun riachtanais oibríochta fadtéarmacha a chomhlíonadh. Níl luach athsholáthair stoc ró-éagsúil óna leabharluach.

## 6. Féichiúnaithe

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **2,639** | 2,438 |
| An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | **10,615** | 9,439 |
| Méideanna dlite den chuideachta shealbhaíochta *(nóta 12(b))* | **66,520** | 62,484 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **1,307** | 1,493 |
| | **81,081** | 75,854 |

## 7. Creidiúnaithe

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite laistigh den bhliain amháin** | | |
| Creidiúnaithe trádála | **13,019** | 18,700 |
| Ioncam le cáin asbhainte faoi ÍMAT agus agus Tobhach ioncaim | **1,297** | 1,134 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasta | **1,415** | 1,191 |
| Cáin bhreisluacha agus cáin eile | **230** | 918 |
| Creidiúnaithe eile | **(8)** | 194 |
| Fabhruithe | **26,024** | 19,711 |
| Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 8)* | **9,500** | 9,000 |
| Ioncam Iarchurtha *(nóta 9)* | **13,903** | 14,511 |
| Soláthar athstruchtúraithe | **10,563** | 4,063 |
| | **75,943** | 69,422 |
| Tá creidiúnaithe do chánachas agus do leas shóisialta san áireamh thuas | **2,942** | 3,243 |

Bus Éireann

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 8. Soláthairtí le Haghaidh Dliteanas agus Muirear

| | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Éilimh Dliteanais ón Tríú Páirtí & ó Fhostóirí** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **53,270** | 48,500 |
| Úsáid i rith na bliana | **(4,878)** | (4,170) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais *(nóta 2a)* | **7,670** | 8,940 |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig, 2009** | **56,062** | 53,270 |
| **Cionaithe:** | | |
| Dliteanais reatha *(nóta 7)* | **9,500** | 9,000 |
| Méideanna dlite tar éis bliain amháin | **46,562** | 44,270 |
| | **56,062** | 53,270 |

### Éilimh Dliteanais ón Tríú Páirtí agus ó Fhostóirí

Aistríodh soláthair ag teacht ar aghaidh ó bhlianta eile chuig an chuntas brabúis bunaithe ar na n-éileamh le tamall anuas.

Muirearaítear aon chailliúntí nach gclúdaítear le hárachas seachtrach chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite agus tá méideanna nach bhfuil socraithe san áireamh i soláthairtí do dhliteanais agus muirir.

### (A) Clúdach Árachais Seachtrach

Tá an clúdach árachais seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann thar ceann na cuideachta:

(i) Dliteanas Tríú Páirtí os cionn €2,000,000 i gcás busanna scoile agus €2,000,000 i gcás iompar bóthair eile ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éilimh faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gurb os cionn US$3,300,000 é.

(ii) Dliteanas Oibreoirí Turais don Ghrúpa le slánaíocht €2,000,000 maidir le haon eachtra amháin agus ar an iomlán, faoi réir farasbarr de €250,000.

(iii) Dliteanas Tríú Páirtí os cionn €150,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar eachtraí Rioscaí Eile, ach amháin;

(a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath i gcás damáiste ó thuilte, áit gurb os cionn €1,000,000 neamhrangaithe é, agus

(b) aon dhamáiste eile ó thuilte áit gur os cionn €250,000 é.

(c) aon éilimh faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe, áit gurb os cionn US$150,000 é.

(iv) Dliteanais iompair bóthair sa bhreis ar choinneáil féin-árachaithe de €11,000,000 go comhiomlán sa tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2009 go dtí Márta 2010, faoi réir ag coinneáil féin-árachaithe Grúpa fhoriomlán de €27,000,000.

(v) Is €200,000,000 í slánaíocht fhoriomlán árachas dliteanais comhcheangailte an Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2009 go dtí Márta 2010, do dhliteanais tríú páirtí iompair ráille agus bóthair agus rioscaí eile.

Bus Éireann

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 8. Soláthairtí le hAghaidh Dliteanas agus Muirear (ar lean)

(vi) Gach Riosca, lena n-áirítear damáiste stoirme, le slánaíocht de €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chaillteanais amháin nó ar shraith caillteanas, leis an bhfarasbarr bliantúil teoranta go €5,000,000 sa chomhiomlán tar éis a bheidh aon fharasbarr féin árachaithe aonair sa tréimhse sin cothrom le €100,000;

(vii) €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa le farasbarr de €500,000 i ndáil le hiarnróid agus rothra bóthair agus €150,000 i ndáil le damáiste maoine eile, do gach uile cheann de na caillteanais.

### (B) Soláthar d'Éilimh ón Tríú Páirtí agus ó Fhostóirí agus Aisghabhálacha Gaolmhara

Soláthraítear ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe fós (IBNR) don chuideachta. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar trí éilimh a shocrú. Glacann an cuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí aige maidir lena nochtuithe éileamh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Agus costas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha á ríomh, úsáideann an cuideachta teicnící meastacháin éagsúla, bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fhéadfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe i ngníomhaíochtaí oibríochta agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra

Agus costas na n-éileamh fógartha ach neamhíoctha á meas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpistí mar a thuairiscítear iad, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir leis an gcostas a bhain le héilimh le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin a shocrú.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh. Léireoidh cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán, dá bhrí sin, ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar soláthairtí d'éilimh comhlán ar aon ghnóthachain athárachaithe nuair is féidir gnóthachain mar sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn gnóthachain athárachaithe i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil ghnóthachain athárachais le haird á tabhairt ar fhógra ó bhróicéirí an chuideachta maidir le haon athárachóirí in athrith.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 9. Ioncam Iarchurtha

Tá an cuntas seo comhdhéanta de dheontais neamh-inaisíoctha ón AE agus ón Státchiste a chuirfear chun sochair don chuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a dhéantar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas (polasaí cuntasaíochta B).

| | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Deontais Chaipitil** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **99,323** | 68,930 |
| Faighte agus infhaighte | **296** | 41,139 |
| Aistriú chuig cuntas brabúis agus caillteanias *(nóta 3)* | **(14,504)** | (10,746) |
| Iarmhéid tugtha chun cinn | **85,115** | 99,323 |
| Lúide aistriú chuig dliteanais reatha *(nóta 7)* | **(13,903)** | (14,511) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **71,212** | 84,812 |

## 10. Scairchaipiteal

| | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **40,632** | 40,632 |
| **Leithroinnte, glaoite agus láníoctha** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **29,204** | 29,204 |

## 11. Réiteach Gluaiseachta i gCistí Scairshealbhóirí

| | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Easnamh don bhliain | **(11,166)** | (8,092) |
| Ciste gnáthscaire scairshealbhóirí tosaigh | **35,954** | 44,046 |
| **Ciste gnáthscaire scairshealbhóirí deiridh** | **24,788** | 35,954 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 12. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| **(a) Réiteach easnamh oibríochta chuig glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | | |
| Easnamh oibríochta roimh íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | **(54,666)** | (49,778) |
| Íocaíocht oibleagáide seirbhíse poiblí | **49,365** | 41,846 |
| | **(5,301)** | (7,932) |
| Dímheas agus caillteanas ar dhiúscairt shócmhainní seasta inláimhsithe | **25,300** | 22,781 |
| Deontais chaipitil a amúchadh | **(14,504)** | (10,746) |
| Mír Eisceachtúil | **(6,500)** | (2,000) |
| (Méadú) ar stoic | **(526)** | (84) |
| (Méadú)/laghdú ar fhéichiúnaithe | **(1,191)** | 5,153 |
| Méadú ar chreidiúnaithe | **129** | 6,825 |
| Méadú ar sholáthairtí le haghaidh dliteanas agus muirir | **2,792** | 4,770 |
| Soláthar athstruchtúraithe | **6,500** | 4,063 |
| **Glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | **6,699** | 22,830 |

| **(b) Anailís ar athrú i nglanchistí** | **Amhail an 1 Eanáir 2009 €000** | **Sreabhadh €000** | **Amhail an 31 Nollaig 2009 €000** |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | **348** | **(12)** | **336** |
| Méideanna dlite den chuideachta shealbhaíochta *(nóta 6)* | **62,484** | **4,036** | **66,520** |
| | **62,832** | **4,024** | **66,856** |

## 13. Oibleagáidí Léasa Oibríochta

| | 2009 €000 | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Rachaidh tiomantais faoi léasanna oibríochta nach féidir a chur ar ceal a bheidh iníoctha sa bhliain seo romhainn in éag mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **263** | 488 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **301** | 377 |
| | **564** | 865 |

Bus Éireann

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 14. Pinsin

Tá fostaithe de chuid Bus Éireann mar bhaill de scéimeanna pinsean Ghrúpa Córas Iompair Éireann. Feidhmíonn Grúpa Córas Iompair Éireann dhá scéim pinsin sochair sainmhínithe ag clúdach formhór na bhfostaithe, gach ceann acu á mhaoiniú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus na baill.

Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla ag úsáid modh an aonaid réamh-mheasta. Ní féidir sciar na mball aonair de sócmhainní agus dliteanais na scéime pinsin ag Ghrúpa Córas Iompair Éireann a aithint, ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnach fiú dá mbeadh sé féideartha dáileadh a dhéanamh ar baill neamh-ghníomhacha ar fud fochuideachtaí bunaithe ar lá deireanach na fostaíochta, d'fhéadfadh go mbeadh na baill tar éis obair le haghaidh níos mó ná fochuideachta amháin. Dá bhrí sin, ní féidir a aithint cé leis an dliteanas (agus sócmhainn chomhfhreagrach) le haghaidh tréimhsí leanúnacha na fostaíochta. Táthar tar éis cuntas a thabhairt i leith ranníocaíochtaí do na scéimeanna seo, sa chaoi gur ionann é agus scéim ranníocaíochta sainmhínithe arna cheadú ag Ráiteas Tuairiscithe Airgeadais (FRS) Uimh. 17 (Sochair Scoir) ag cuideachtaí Ghrúpa Córas Iompair Éireann.

Léirigh na luachálacha achtúireacha is déanaí a rinneadh ar na scéimeanna le haghaidh foralacha FRS 17 go raibh easnamh €547 milliún ar na scéimeanna ar 31ú Nollaig 2009.

B'ionann an costas pinsin don bhliain ar scéimeanna sochair sainmhínithe agus €9.95 milliún, áirítear na costais seo freisin i nóta 1.

## 15. Tiomantais Chaipitil

| | **2009 €000** | 2008 €000 |
|---|---|---|
| Ar chonradh do | **3,324** | 6,082 |
| Údaraithe ag na stiúrthóirí, ach gan a bheith ar chonradh do | **-** | - |
| | **3,324** | 6,082 |
| **Maoiniú** | **985** | - |

## 16. Dliteanais Theagmhasacha

Bíonn an chuideachta, ó thráth go chéile, ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann, a eascraíonn i ndáil leis na nithe sin go hábhartha níos mó ná na forálacha atá déanta sna ráitis airgeadais.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 17. Glan Bharrachas/easnamh de Réir Gníomhaíochta

| | | Seirbhísí Poiblí | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2009 | Tráchtáil agus iompair scoile €000 | Iompar Céime €000 | Cathair €000 | Fó-iomlán €000 | Iomlán €000 |
| Ioncam | 230,447 | 47,576 | 24,640 | 72,216 | 302,663 |
| Costais | 234,089 | 76,396 | 46,209 | 122,605 | 356,694 |
| Easnamh roimh Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | (3,642) | (28,820) | (21,569) | (50,389) | (54,031) |
| Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | | | | 49,365 | 49,365 |
| Toradh tar éis Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | (3,642) | | | (1,024) | (4,666) |
| Mír Eisceachtúil | | | | (6,500) | (6,500) |
| **Easnamh don Bhliain** | (3,642) | | | (7,524) | (11,166) |
| **2008** | | | | | |
| Toradh tar éis Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | 1,075 | | | (9,167) | (8,092) |

Oibríonn an chuideachta gníomhaíochtaí tráchtála, iompair scoileanna agus seirbhíse poiblí. Is í an phríomhghníomhaíocht a oibrítear ar bhonn tráchtála ná Expressway. Oibrítear an scéim Iompair Scoileanna faoi chonradh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar bhonn aisghabhála costais. Is iad na príomhghníomhaíochtaí eile ná Iompar Céime agus Seirbhísí Cathrach a bhfaigheann an chuideachta íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí i leith na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin. Déantar costais do Expressway, Iompar Céime agus Seirbhísí Cathrach a leithroinnt ar bhonn méadrach, díorthaithe ó chostais iarbhíre i dtréimhse roimhe sin, staidéir neamhspleácha ar oibríochtaí Bhus Éireann, an líon busanna agus míleáiste.

## 18. Páirtithe Gaolmhara

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad eintitéis arna rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua rialú Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

Sa ghnáthchúrsa gnó ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitéis arna rialú ag Rialtas na hÉireann, is iad na príomhchinn díobh sin ná An Post agus Bord Gáis. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil quantum na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta. Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis a éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 (Faisnéisiú Páirtí Ghaolmhair) maidir le hidirbheartaíochtaí idir an chuideachta sin, a fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 19. Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Ba €49,365,000 a bhí san Oibleagáid Seirbhíse Poiblí iníoctha leis an gcuideachta tríd an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2009 (2008 – €41,846,000).

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

## 20. Comhaltacht Ghrúpa Chóras Iompair Éireann

Is fochuideachta faoi lán-úinéireacht Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) é Bus Éireann - Irish Bus agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí chomhaltacht an Ghrúpa.

## 21. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar 1 Aibreán 2010.